



## An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

### Preas Ráiteas Press Statement

#### Bliainiris Staidrimh na hÉireann 2010 inniu Lá Staidrimh Domhanda, 20.10.2010

Tá Bliainiris Staidrimh na hÉireann 2010 á foilsiú inniu ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO). Sa bhreis air sin, is é inniu an chéad Lá Staidrimh Domhanda, ceaptha ag na Náisiúin Aontaithe chun ceiliúradh a dhéanamh ar thábhacht na staidreamh oifigiúil inár sochaí. Soláthraíonn an Bhliainiris pictiúr cuimsitheach ar Éire trí eolas mionsonraithe, táblaí agus graif a sholáthar thar réimse leathan ábhar. Ina measc seo áirítear an daonra, breitheanna, básanna, an lucht saothair, oideachas, sláinte, coireacht, an geilleagar, talmhaíocht, tionscal, tógáil, seirbhísí, praghsanna, tuilleamh, tithíocht, iompar, turasóireacht, agus an timpeallacht.

#### **Daoine**

- Áiríonn daonáireamh daonra na bliana 2006 4.240 milliún duine, méadú 8.2% ar dhaonáireamh na bliana 2002. Sna trí bliana go 2009, tháinig méadú breise 5.2% ar an daonra, á ardú go 4.459 milliún.
- Tá líon na mbreitheanna tar éis ardú ar bhonn measartha seasmhach ó 2001. Sa bhliain 2009 bhí 74,278 breith, agus bhí trian díobh seo lasmuigh den phósadh. Toisc nach raibh ach 28,898 bás, an méadú nádúrtha, b'ionann farasbarr na mbreitheanna thar básanna, in 2009 agus 45,380.
- D'ardaigh líon iomlán na lánúineacha ag maireachtáil i bhfochair a cheile, gan dabht an cineál aonaid teaghlaigh is gasta fáis, ó 77,600 in 2002 go 121,800 in 2006.
- B'iad Jack agus Sophie na hainmneacha is coitianta do leanaí in 2009.

#### **Obair**

- Thit fostaíocht ó 2.1 milliún in 2008 go 1.9 milliún in 2009, an chéad titim ollmhór le 16 bliain anuas.
- Tháinig breis agus dúbailt ar an líon daoine dífhostaithe idir 2008 agus 2009. Bhí 264,600 duine dífhostaithe in 2009, i gcomparáid le 126,700 in 2008 agus leibhéal íseal de 96,400 in 2001.
- Cailleadh aon tríú milliún lá de bharr díospóidí tionsclaíocha in 2009, i gcomparáid le 4,000 in 2008. Bhí figiúr na bliana 2009 ar an bhfigiúr is airde le 25 bliain anuas.
- Sa 4ú ráithe de 2009, b'ionann meán-tuilleamh seachtainiúil agus €716, síos 0.6% ón mbliain roimhe sin. Ar an meán, mhéadaigh meán-tuilleamh in aghaidh na huairé faoi 0.9%, tiomáineadh an laghdú i dtuilleamh seachtainiúil le laghdú sna huairéanta a oibríodh.

Tuilleadh/...

Information Section  
Central Statistics Office, Skehard Road, Cork

Tel 021 453 5000 Fax 021 453 5555  
01 498 4000 Website [www.cso.ie](http://www.cso.ie)  
LoCall 1890 313 414 Email [information@cso.ie](mailto:information@cso.ie)

Roinn Eolas  
An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh

Teil 021 453 5000 Faics 021 453 5555  
01 498 4000 Suíomh Gréasáin [www.cso.ie](http://www.cso.ie)  
GlaoÁitúil 1890 313 414 Ríomhphost [information@cso.ie](mailto:information@cso.ie)

## **Geilleagar agus Airgeadas**

- Thit OTN (ag praghas comhsheasmhach) 10.7% in 2009. Lean sé seo titim 3.5% in 2008.
- Thit Fiachas Náisiúnta mar chéatadán den OTI go comhsheasmhach ó 87.7% i 1990 go leibhéal íseal 19.8% in 2007. Ach d'ardaigh sé go 28.0% in 2008 agus go 47.1% in 2009.
- Thit an tInnéacs Praghsanna do Thomhaltóirí faoi 4.5% in 2009 tar éis méadú 4.1% an bhliain roimhe sin.
- Thit onnmhairí ó €92.7bn in 2001 go €83.5bn in 2009. I gcaitheamh na tréimhse céanna, thit allmhairí ó €57.4bn go €44.8bn.

## **Dálaí Sóisialta, Sláinte agus Oideachas**

- B'ionann caiteachas leasa shóisialaigh agus 15.6% den Ollioncam náisiúnta in 2009. Deich mbliana roimh sin b'ionann é agus 8.2%.
- Rinneadh diagnóisiú ar 30,110 cás ailse nua in 2008, 15% níos airde ná an bhliain 2005.
- Ag 20 bliain d'aois, bhí 63% de mhná agus 48% d'fhir in oideachas lánaimseartha in 2008/09.

## **Tógáil agus Foirgníocht**

- Idir 2008 agus 2009, thit dlús na táirgeachta i dtógáil agus i bhfoirgníocht faoi 37%, agus thit dlús na táirgeachta i dtógáil chónaithe faoi 58%.
- Thit líon an cheada pleanála bronnta le haghaidh áitreabh nua faoi 41% go 10,380 idir 2008 agus 2009.

## **Seirbhísí agus Dáileadh**

- Thit díolachán miondíola faoi 14% i ndlús agus 18% i luach in 2009.
- Tháinig laghdú 43% ar dlús na Trádála Mótair in 2009, an laghdú bliantúil is mó ó thús na dtaifead.

## **Talmhaíocht**

- Sna 10 mbliana go dtí 2009, d'ardaigh praghsanna ionchuir feirme faoi 51.1%, ach níor ardaigh praghsanna aschurtha ach faoi 9.6%.
- B'ionann an t-achar feirme iomlán in 2009 agus 4.2 milliún heicteár. As seo, d'fhreagair féarach le haghaidh leath agus sadhlas le haghaidh ceathrú. Sa chuid eile áiríodh féarach garbh (11%), barra, torthaí agus gairneoireacht (10%) agus féar tirim (5%).
- I Meitheamh 2009 bhí 6.7 milliún eallach, 4.8 milliún caora agus 1.5 milliún muc.

## **Turasóireacht agus Iompar**

- Thit turais thar lear go hÉirinn faoi 11.6% go 6,927,000 in 2009 i gcomparáid le 2008. Bhí caiteachas iomlán na gcuariteoirí seo síos faoi 19% go €3,109m.
- Rinne cónaitheoirí na hÉireann 7,047,000 turas thar lear in 2009, 10% níos lú ná 2008. Thit caiteachas iomlán (ag eisiamh táillí) faoi 11% go €6,148m.
- Bhí 63% níos lú gluasteáin phríobháideacha ceadúnaithe don chéad uair in 2009 i gcomparáid le 2008.

Ba mhaith leis an CSO buíochas a ghabháil leis na ranna, na gníomhaireachtaí agus na daoine aonair go léir a chabhraigh i ndáil le sonraí a sholáthar don Bhliainiris, lena n-áirítear iad siúd i dTuaisceart Éireann atá tar éis ábhar a sholáthar don Aguisín.

Tá téacs iomlán na Bliainirise Staidrimh ar fáil saor in aisce ó shuíomh gréasáin an CSO ag:

[http://www.cso.ie/releasespublications/statistical\\_yearbook\\_ireland\\_2010.htm](http://www.cso.ie/releasespublications/statistical_yearbook_ireland_2010.htm)

Is féidir an Bhliainiris Staidrimh a cheannach ó:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, An Roinn Eolais, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh

Oifig Dhíolta Foilseachán an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2 nó trí aon díoltóir leabhar.

Le haghaidh breis eolais, téigh i dteagmháil le: Eamonn Dorney 021 - 4535036. Facs 021 4535555. r-phost: [information@cso.ie](mailto:information@cso.ie).